Coláiste Naomh Eoin

Ráiteas Misin agus Plean na hIdirbhliana



Inis Meáin
2026–2027

Leagan leasaithe le faomhadh
Samhain 2026

Clár ábhair

Ráiteas Misin agus Plean oibríochtúil na hIdirbhliana.

Ábhar	Leathanach
Réamhrá agus cuspóir	3
Ráiteas misin na hIdirbhliana	4
Comhthéacs agus ceannaireacht	5
Na ceithre ghné den scoláire	6
Léaráidí an chreata foghlama	7
Comhpháirteanna agus deiseanna foghlama	8
Modúil chultúir ceardaíochta agus teicneolaíochta	9
Rannpháirtíocht phobail spórt agus folláine	10
Gaeilge bhreise agus comhpháirtíocht teanga	11
Taisteal turasóireacht agus cumarsáid leis na meáin	12
Tumoideachas iomlán agus forbairt iomlánaíoch	13
Léargas físiúil ar dheiseanna an chláir	14
An tOileán mar thimpeallacht foghlama	15
Amchlár agus leithdháileadh ama	16
Teagasc agus pleanáil modúl	17
Treoir ghairme agus taithí oibre	18
Measúnú agus punann an scoláire	19
Aitheantas agus tuairisciú	20
Cuimsiú agus sábháilteacht	21
Timpeallacht nádúrtha Inis Meáin	22
Féilire cur chun feidhme agus feabhsúcháin	23
Comparáid agus freagairt don chomhairle	24
Aguisín comhairle maidir le cigireacht	25
Aguisín comhairle Choláiste na Coiribe	26
Foinsí agus faomhadh	27

Réamhrá agus Cuspóir

Coláiste Naomh Eoin
Inis Meáin
2026–2027

An Ráiteas agus an Phlean

Is é Ráiteas Chlár na hIdirbhliana ón NCCA an creat náisiúnta ar a bhfuil sé seo bunaithe. Is ráiteas gairid ar fhís agus ar chuspóir na scoile é an ráiteas misin áitiúil.

Ráiteas Misin na hIdirbhliana

Is é misean na hIdirbhliana i gColáiste Naomh Eoin tacú le gach scoláire fás mar dhuine iomlán, mar fhoghlaimeoir neamhspleách agus mar shaoránach freagrach, trí eispéiris fhoghlama bhríocha, dhúshlánacha agus thaitneamhacha i bpobal beo Gaeilge Inis Meáin.

Is scoil lán-Ghaeilge Ghaeltachta í Coláiste Naomh Eoin. Tá áit lárnach ag oidhreacht, cultúr agus teanga an oileáin inár gclár. Cuirimid fáilte roimh scoláirí ó chúlraí éagsúla ó fud fad na tíre agus tacaímid go gníomhach leo siúd nach í an Ghaeilge a gcéad teanga. Trí úsáid nádúrtha na Gaeilge agus caidreamh leis an bpobal, cothaímid muintearas agus cuidímid le saibhreas teanga agus cultúrtha an oileáin a thabhairt ar aghaidh chuig an gcéad ghlúin eile.

Tá na scoláirí cónaitheacha riachtanach d'fheidhmiú, do leanúnachas agus d'inmharthanacht Choláiste Naomh Eoin. In éineacht leis na scoláirí áitiúla agus na teaghlaigh óstacha, tugann siad fuinneamh, cairdeas agus beatha do shaol an oileáin. Le linn na scoilbhliana, is cuid de chroí agus d'anam an phobail iad: saibhríonn siad úsáid na Gaeilge, an saol sóisialta agus cultúrtha agus an caidreamh idir na glúnta. Aithnímid agus cothaímid an dlúthcheangal cómhalartach seo idir an scoil, na scoláirí cónaitheacha agus pobal Inis Meáin.

Cothaímid forbairt iomlánaíoch an pháiste: muinín, folláine, fiosracht, cruthaitheacht agus ionbhá. Tugaimid deis do scoláirí buanna a fhiosrú agus freagracht a ghlacadh as a bhfoghlaim. Tá tumoideachas iomlán na Gaeilge sa rang, sna himeachtaí iarscoile agus sa taithí chónaithe le teaghlaigh ar Inis Meáin lárnach sa chur chuige seo. Soláthraímid foghlaim chuimsitheach agus tacaíochtaí teanga de réir riachtanais.

Trí threoir ghairme agus taithí oibre ullmhaithe, osclaímid conairí éagsúla foghlama agus fostaíochta. Aithnímid forbairt sna ceithre ghné den scoláire trí obair, punann, machnamh agus tuairisciú. Cothaímid meas ar éagsúlacht agus freagracht mar shaoránaigh áitiúla agus dhomhanda.

Is comhpháirtithe sa chlár iad scoláirí, múinteoirí, tuismitheoirí agus caomhnóirí, teaghlaigh óstacha, ceannairí scoile agus an pobal. Déanaimid an clár a athbhreithniú ar bhonn fianaise agus aiseolais chun eispéireas fiúntach a chinntiú do gach scoláire.

Aidhmeanna an chláir

- Forbairt phearsanta agus folláine gach scoláire a chothú i dtimpeallacht shábháilte thacúil.
- Ceangal beo le pobal agus le saol an oileáin a chothú.
- Meas ar an nGaeilge, ar an gcultúr agus ar an oidhreacht a neartú.
- Ról lárnach na scoláirí cónaitheacha i saol na scoile agus an phobail a aithint agus a chothú.
- Neamhspleáchas foghlama, litearthacht, uimhearthacht agus inniúlacht dhigiteach a neartú.
- Rannpháirtíocht shibhialta agus phobail a dhéanamh bríoch trí ghníomh faoi stiúir na scoláirí.
- Taiscéalaíocht gairme agus roghnú eolasach ábhar agus conairí a éascú.
- Dul chun cinn a aithint agus an clár a fheabhsú trí mheasúnú agus machnamh rialta.

Comhthéacs agus Ceannaireacht

Scoil bheag Ghaeltachta agus oileánda

Baineann an clár leas as dlúthchaidreamh na scoile leis an bpobal, as timpeallacht nádúrtha Inis Meáin agus as an gcultúr áitiúil. Tugtar aird ar leith ar scoláirí áitiúla agus ar scoláirí atá ag fanacht le teaghlaigh óstacha, ar an aistriú ón tsraith shóisearach agus ar mhuintearas sa ghrúpa. Aithnítear go bhfuil na scoláirí cónaitheacha lárnach d'inmharthanacht na scoile agus do bheocht an phobail le linn na scoilbhliana. Eagrófar deiseanna comhpháirteacha foghlama agus rannpháirtíochta leis na scoláirí áitiúla agus le teaghlaigh óstacha chun an muintearas sin a chothú.

Coinnítear an Idirbhliain mar bhliain ar leith. Déantar sampláil agus saibhriú acadúil trí thionscadail agus fiosrúchán; ní úsáidtear an bhliain chun cúrsa dhá bhliain na hArdteistiméireachta a leathnú go trí bliana.

Freagrachtaí agus Cuntasacht

Ról	Freagracht
An príomhoide agus an lucht bainistíochta	Acmhainní, am pleanála, faomhadh an amchláir, maoirseacht ar shábháilteacht agus tuairisciú don Bhord.
Comhordaitheoir na hIdirbhliana	Kevin Gorey Niall Cunniffe & Mairéad Ní Fhátharta- Maoirseoireacht, leasú & comhordú an Ráiteas, an phlean, an fhéilire, na scéimeanna, na measúnuithe, na cumarsáide agus na taithí oibre agus feidhmiú na hIdirbhliana.
Croífhoireann na hIdirbhliana	An comhordaitheoir, ionadaí bainistíochta, agus múinteoirí ainmnithe. Cruinniú míosúil molta le clár oibre, miontuairiscí agus gníomhartha.
Múinteoirí modúil	Torthaí foghlama, tascanna difreáilte, aiseolas agus taifid ar dhul chun cinn; machnamh gairid ag deireadh gach modúil.
Treoirchomhairleoir	Nasc comhordaithe idir féinaitheantas, taithí oibre, roghnú ábhar agus conairí amach anseo.
Scoláirí agus tuismitheoirí	Spriocanna a athbhreithniú, aiseolas a thabhairt agus páirt a ghlacadh sa phleanáil agus sa mheastóireacht.

Leanúnachas agus Forbairt Foirne

Coinneofar comhad comhroinnte scoile le pleananna modúl, teagmhálaithe, féilire, measúnuithe riosca agus taifid chruinnithe. Ainmneofar duine ionaid don chomhordaitheoir. Déanfar riachtanais foghlama gairmiúla a shainaithint agus samplaí de chleachtas éifeachtach a roinnt ag cruinnithe foirne.

Rannpháirtíocht agus Ionchais

Cuirfear cuspóir, costais agus ionchais an chláir in iúl roimh iontráil nuair is féidir. Beidh cruinniú ionduchtaithe, comhaontú rannpháirtíochta agus próiseas luath-thacaíochta ann i gcás deacrachtaí. Is iad polasaithe faofa na scoile a rialaíonn iontráil, iompar agus aon achomharc.

Na ceithre ghné den Scoláire

Is iad seo a leanas lipéid oibre Gaeilge na scoile. Úsáidfear táscairí forbartha an NCCA mar threoir agus roghnófar táscairí oiriúnacha do gach modúl. Ní gá go bhforbróidh gach scoláire ar an luas céanna.

Gné	Eispéireas sa chlár	Dul chun cinn le feiceáil
Fás pearsanta	OSPS, corpoideachas, GAISCE, obair foirne, scileanna saoil agus léirithe poiblí, Ceol drama. Ranganna teanga, Oidhreacht agus cultúr, taisteal agus féin bhainistiú & féin fhreagracht	Leagann an scoláire sprioc phearsanta amach; míníonn sé nó sí conas a d'úsáid sé nó sí aiseolas, a léirigh sé nó sí ionbhá nó a ghlac sé nó sí freagracht.
A bheith i d'fhoghlaimeoir	Gaeilge, Béarla, Matamaitic, teangacha, fiosrú eolaíoch, taighde agus punann.	Pleanálann an scoláire tasc, measann sé nó sí iontaofacht foinsí agus cuireann sé nó sí obair fheabhsaithe ar fáil tar éis aiseolais.
Rannpháirtíocht shibhialta agus phobail	Tionscadal Gaeilge, oidhreachta nó inbhuanaitheachta leis an bpobal.	Aithníonn an scoláire riachtanas, éisteann sé nó sí le daoine eile, glacann sé nó sí gníomh agus measann sé nó sí an tionchar.
Taiscéalaíocht gairme	Treoir, taithí oibre, agallaimh, mionfhiontar agus taighde ar chonairí.	Déanann an scoláire comparáid idir dhá chonair ar a laghad agus nascann sé nó sí an taithí oibre le rogha ábhar nó sprioc nua.

Spriocanna Pearsanta agus Fianaise

I dtús na bliana roghnóidh gach scoláire sprioc indéanta i ngach gné. Déanfar iad a athbhreithniú faoi Nollaig agus arís sa téarma deiridh. Don athbhreithniú i mí na Samhna 2026, bainfear úsáid as obair atá déanta cheana féin mar bhunlíne chomh maith le tástáil ranga.

Príomhinniúlachtaí Trasna an Chláir


Neartófar cumarsáid, obair le daoine eile, cruthaitheacht, smaointeoireacht agus réiteach fadhbanna, bainistiú foghlama agus an duine féin, folláine agus rannpháirtíocht sa tsochaí. Beidh litearthacht agus uimhearthacht le feiceáil i bhfíorthascanna amhail buiséad tionscadail, anailís sonraí, agallamh agus cur i láthair.

Na Ceithre ghné den Churaclam


Eagrófar an clár trí chomhpháirteanna cothroma; teagasc agus measúnú comhordaithe; aitheantas agus tuairisciú; agus machnamh agus athnuachan. Déanfaidh an chroífhoireann athbhreithniú ar gach ceann acu, seachas líon na dturas amháin a áireamh mar thomhas ratha.

Léaráidí an Chreata Foghlama

léiríonn an clár agus na príomhinniúlachtaí spriocanna an phlean.



An Idirbhliain agus gnéithe an scoláire agus an churaclaim



Príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí

Comhpháirteanna agus Deiseanna Foghlama

Roghnófar modúil agus gníomhaíochtaí de réir spéiseanna na scoláirí, acmhainní, costais agus infhaighteacht múinteoirí nó soláthraithe. Ní ghealltar teastas ná seirbhís sheachtrach gan deimhniú.

Réimse	Ábhar agus taithí	Toradh nó fianaise molta
Leanúnachas acadúil	Gaeilge, Béarla, Matamaitic agus Fraincis. Gaeilge labhartha agus féidearthacht TEG de réir leibhéil.TEFL	Agallamh Gaeilge, saothar scríofa nó ilmheán agus tasc praiticiúil uimhearthachta.
Sampláil ábhar	Eolaíocht, Stair, Ceol, Tíreolaíocht, Spáinnis, ceardaíocht agus dearadh. TEFL agus DTT sa bhunphlean le sainmhíniú ag na múinteoirí.	Táirge, fiosrúchán nó cur i láthair agus machnamh ar oiriúnacht an ábhair don scoláire.
Folláine agus saol	OSPS lena n-áirítear OCG; corpoideachas; cócaireacht; garchabhair agus sábháilteacht bóthair de réir soláthair.	Tasc scile saoil, sprioc folláine agus léiriú sábháilte ar scil phraiticiúil.
Ealaíona agus cruthaitheacht	Ceoldráma, amhránaíocht, seó tallainne, Junk Kouture agus Scoileanna Ildánacha de réir deise.	Plean, dréachtaí, saothar críochnaithe agus míniú ar rannchuidiú an duine féin.
STEM agus digiteach	Taighde eolaíoch, teicneolaíocht, tionscadail chomórtais, Kinia agus úsáid chriticiúil na meán.	Ceist taighde, modh, sonraí, anailís, teorainneacha agus taifead ar an obair neamhspleách.
Oileán agus pobal	Saol ar oileán, oidhreacht, feirmeoireacht, Gaelbhratach, Brat Glas agus gníomh pobail,Tógáil claí.	Agallamh nó taighde áitiúil agus gníomh inbhuanaithe faoi stiúir scoláirí.
Gairm agus fiontraíocht	Taithí oibre, Mini Med, scileanna barista, mionfhiontar, tiomáint agus cuairteanna treorach de réir soláthair.	CV, iarratas, buiséad, aiseolas fostóra agus machnamh gairme.

Gníomhaíocht Phobail Chomhtháite

Roghnóidh an grúpa riachtanas áitiúil i gcomhairle le páirtí pobail. Mar shampla, d’fhéadfaí cartlann bheag fuaime Gaeilge nó feachtas laghdaithe dramhaíola a dhéanamh. Beidh ceadanna, plean oibre, róil, buiséad agus tomhas tionchair ann. Déanfar nasc idir an Ghaeilge, an teicneolaíocht, an uimhearthacht agus an tsaoránacht sa tionscadal céanna.

Modúil Chultúir Ceardaíochta agus Teicneolaíochta

Cuireann na modúil seo le forbairt iomlánaíoch an scoláire agus leis an gceangal idir an scoil agus saol Inis Meáin. Déanfar iad a eagrú i mbloic nó i gclubanna, de réir an fhéilire, na n-acmhainní agus infhaighteacht na bpáirtithe. Déanfar ról agus sprioc phearsanta gach scoláire a shoiléiriú.

Modúl nó gníomhaíocht	Foghlaim agus rannpháirtíocht	Fianaise ar fhorbairt
Ceoldráma na scoile	Amhránaíocht, aisteoireacht, damhsa, ceol, léiriú, dearadh stáitse, feistis agus poiblíocht. Beidh róil chruthaitheacha agus eagrúcháin ar fáil do scoláirí a bhfuil buanna éagsúla acu.	Taifead cleachtaidh, rannchuidiú pearsanta, comhoibriú agus machnamh ar mhuinín agus ar scileanna cumarsáide.
Tógáil ballaí cloiche traidisiúnta	Foghlaim ó cheardaí oilte faoi roghnú cloiche, patrúin áitiúla, tomhas agus caomhnú oidhreachta. Déanfar cleachtadh faoi mhaoirseacht, le measúnú riosca agus trealamh cuí.	Sceitse, tomhais, stór focal Gaeilge agus léiriú sábháilte ar scil a foghlaimíodh.
Cniotáil agus turas ar Chniotáil Inis Meáin	Scileanna bunúsacha cniotála agus dearadh patrún; turas foghlama ar Chniotáil Inis Meáin le léargas ar cheardaíocht, fiontraíocht, dearadh agus fostaíocht.	Píosa cniotála, patrún nó dearadh, agus machnamh ar an nasc idir ceardaíocht áitiúil agus margadh idirnáisiúnta.
Ceol traidisiúnta le Micheál Ó hAllmháin	Éisteacht, seinm, foghlaim foinn agus plé ar thraidisiún ceoil an oileáin, le deiseanna do thosaitheoirí agus do cheoltóirí a bhfuil taithí acu.	Taifead cleachtaidh nó léirithe le cead cuí, nótaí ar fhoinn agus machnamh ar fhorbairt cheoil.
Club teicneolaíochta	Dearadh digiteach, fadhbréiteach, códú nó cruthú ábhar ilmheán de réir acmhainní; úsáid fhreagrach agus chriticiúil na teicneolaíochta.	Táirge digiteach nó fréamhshamhail, loga dearaidh agus míniú ar athruithe a rinneadh tar éis aiseolais.

Measúnú agus Rochtain

Roghnóidh an scoláire fianaise ar scil nua, ar iarracht éifeachtach agus ar fhás pearsanta. Beidh rogha róil agus tacaíochtaí ann chun rannpháirtíocht bhríoch a chinntiú; ní bheidh cumas stáitse ná taithí roimh ré mar choinníoll rannpháirtíochta.

Rannpháirtíocht Phobail Spórt agus Folláine

Tá gníomhaíochtaí pobail agus spóirt ina ndeiseanna foghlama agus folláine. Cothaíonn siad freagracht, cairdeas, ceannaireacht agus an caidreamh idir scoláirí áitiúla, scoláirí cónaitheacha agus pobal an oileáin.

Modúl nó gníomhaíocht	Foghlaim agus rannpháirtíocht	Fianaise ar fhorbairt
Tae na Samhna agus Tae na Nollag don phobal	Eagróidh scoláirí fáiltiú, cuirí, sólaistí, maisiú, ceol agus comhrá Gaeilge. Tabharfar aird ar inrochtaineacht, sláinteachas bia agus ailléirgí.	Plean imeachta, buiséad, róil, aiseolas ó aíonna agus machnamh ar chaidreamh idir na glúnta.
Eagrú Rás Inis Iron Meáin	Páirt i bpleanáil agus i reáchtáil an rása mar ócáid mhór shóisialta agus sláinte ar Inis Meáin. D’fhéadfadh clárú, poiblíocht, comharthaíocht agus fáiltiú a bheith i gceist, faoi threoir lucht eagraithe.	Taifead ar ról, scileanna eagrúcháin, obair foirne agus measúnú ar an tairbhe phobail.
Club reatha	Rith do leibhéil éagsúla aclaíochta, socrú spriocanna pearsanta agus nósanna sláintiúla seasmhacha.	Dialann ghairid ar rannpháirtíocht agus spriocanna; machnamh ar fholláine, gan rangú poiblí cumais.
Club cispheile agus club peile	Scileanna, cluichí cuimsitheacha, cóitseáil phiaraí, cothrom na Féinne agus freagracht foirne.	Féinmheasúnú ar chomhoibriú, scil roghnaithe agus sampla de cheannaireacht.
Siúlóidí dúlra	Breathnóireacht ar bhithéagsúlacht, tírdhreach, logainmneacha agus athruithe séasúracha; meas ar an gcomhshaol agus ar oidhreacht an oileáin.	Nótaí allamuigh, stór focal, léarscáil nó cur i láthair ar an méid a breathnaíodh.
Snámh	Scileanna snámha agus sábháilteacht uisce de réir cumais, le teagasc agus maoirseacht chuí. Ní ghlacfar le snámh mara mar ghníomhaíocht neamh-mhaoirsithe.	Sprioc scile, tuiscint ar shábháilteacht agus machnamh ar mhuinín agus ar fholláine.

Sábháilteacht agus Cothromas

Beidh measúnú riosca, toiliú agus maoirseacht ag gníomhaíochtaí lasmuigh. Deimhneofar cáilíochtaí agus freagrachtaí na dteagascóirí nuair is gá. Soláthrófar roghanna oiriúnacha do scoláirí a bhfuil riachtanais sláinte nó rochtana acu. Ní bheidh freagracht neamhspleách ar scoláirí as sábháilteacht an rása ná as sábháilteacht uisce.

Gaeilge Bhreise agus Comhpháirtíocht Teanga

Ranganna Sealbhaithe agus Saibhriú le maoiniú ó Mhuintearas

Beidh ranganna breise Gaeilge dírithe ar shealbhú agus ar shaibhriú teanga, le maoiniú ó Mhuintearas. Tacóidh siad le scoláirí ag leibhéil éagsúla agus le scoláirí nach í an Ghaeilge a gcéad teanga. Is í Áine Ní Dhonnacha an Cúntóir Teanga sa scoil faoi láthair.

Díreofar sna ranganna sealbhaithe ar thuiscint, comhrá laethúil, ceisteanna a chur agus freagraí a thabhairt i gcomhthéacsanna scoile, baile agus pobail. Sna ranganna saibhrithe, leathnófar stór focal, cruinneas, saibhreas nathanna, scéalaíocht agus cumas díospóireachta agus cur i láthair. Bainfear leas as Gaeilge bheo Inis Meáin agus as ábhar a bhaineann le spéiseanna na scoláirí.

Pleanáil agus dul chun Cinn

Déanfar próifíl thosaigh ar riachtanais gach scoláire trí chomhrá agus sampla oibre. Socrófar spriocanna gearrthéarmacha agus tabharfar aiseolas tacúil. Coinneofar samplaí cainte nó scríbhneoireachta le cead cuí chun dul chun cinn a léiriú; ní úsáidfear easpa líofachta mar chúis le scoláire a fhágáil as gníomhaíocht.

Déanfaidh múinteoir ainmnithe na ranganna breise a nascadh leis an nGaeilge sa rang, leis an bpunann agus le gníomhaíochtaí pobail. Déanfar athbhreithniú téarma ar rannpháirtíocht, ar mhuinín chumarsáide agus ar na spriocanna, agus coinneofar taifid maoinithe de réir na socruithe a bhaineann leis an soláthar.

Ag obair le Pleanáil Teanga Inis Meáin

Oibreoidh scoláirí le Pleanáil Teanga Inis Meáin ar ghníomhaíochtaí a thacaíonn le húsáid laethúil na Gaeilge. I measc na ndeiseanna tá agallaimh le cainteoirí áitiúla, bailiú logainmneacha agus nathanna, imeachtaí Gaeilge, agus ábhar fuaime nó téacs don phobal. Comhaontófar tionscadal indéanta leis an gcomhpháirtí áitiúil agus cinnteofar go mbíonn rannchuidiú na scoláirí féin soiléir.

Aoi Chainteoirí ón Oileán

Tabharfar cuireadh do dhaoine ón oileán a bhfuil taithí acu ar cheardaíocht, ar cheol, ar ghnó, ar fheirmeoireacht, ar an bhfarraige, ar oidhreacht nó ar shaol an phobail. Ullmhóidh scoláirí ceisteanna Gaeilge roimh ré agus déanfaidh siad machnamh ina dhiaidh ar an bhfoghlaim, ar an teanga agus ar na conairí saoil a pléadh.

Torthaí Foghlama

Beidh an scoláire in ann comhrá níos neamhspleáiche a dhéanamh, stór focal nua a úsáid i bhfíorchomhthéacs, cur síos ar a dhul chun cinn féin a thabhairt agus páirt ghníomhach a ghlacadh i dtionscnamh Gaeilge sa phobal.

Taisteal Turasóireacht agus Cumarsáid leis na Meáin

Taisteal agus Saol Oileáin

Fiosrófar an bhaint idir taisteal, iompar, cónaí agus saol laethúil oileánda. Is páirt de shaol Oileán taisteal. Déanfaidh scoláirí pleanáil turais, buiséadú agus taighde ar rochtain, aimsir, inbhuanaitheacht agus freagracht i leith an phobail. Cuirfear taithí phearsanta na scoláirí áitiúla agus cónaitheacha san áireamh.

Forbairt Áiseanna do Thurasóirí

Cruthóidh scoláirí áiseanna oiriúnacha do chuairteoirí i gcomhairle le páirtithe áitiúla: mar shampla, mapa logainmneacha, treoir chultúrtha, ábhar fuaime Gaeilge nó eolas faoi chuairt fhreagrach ar an oileán. Déanfar cruinneas teanga agus eolais a sheiceáil, cearta foinsí a urramú agus cead a fháil roimh fhoilsiú. Beidh meas ar phríobháideachas, ar an nGaeilge agus ar ghnáthshaol an phobail mar bhunphrionsabail.

Ag obair agus ag Labhairt leis na Meáin

Foghlaimeoidh scoláirí conas teachtaireacht shoiléir a ullmhú, agallamh a dhéanamh, ceisteanna a fhreagairt agus obair na scoile a chur i láthair i nGaeilge. Cleachtfar litearthacht sna meáin, fíorú eolais agus idirdhealú idir fíric agus tuairim. Beidh teagmháil sheachtrach comhordaithe ag an scoil agus beidh na ceadanna cuí ann do thaifeadadh agus do phoiblíocht.

Erasmus+

Cuirfear deiseanna Erasmus+ san áireamh chun foghlaim idirchultúrtha, comhoibriú idir scoileanna agus tuiscint Eorpach a fhorbairt. Beidh rannpháirtíocht ag brath ar thionscadail, ar mhaoiniú agus ar shocruithe a dheimhneoidh an scoil. Déanfar ceangal idir ullmhúchán, taithí an mhalartaithe nó an chomhoibrithe agus machnamh ina dhiaidh. Beidh deiseanna bríocha foghlama ann freisin do scoláirí nach dtaistealaíonn.

Turas Scoile Thar Lear

Beidh cuspóir oideachasúil soiléir ag an turas: neamhspleáchas, scileanna saoil, cumarsáid, eolas cultúrtha agus freagracht i leith daoine eile a fhorbairt. Ullmhóidh scoláirí taighde agus buiséad, glacfaidh siad róil chuí agus déanfaidh siad machnamh ar an bhfoghlaim. Leanfar polasaithe faofa maidir le costas, toiliú, maoirseacht, iompar, árachas agus sábháilteacht.

Fianaise sa Phunann

Roghnófar táirge nó léiriú amháin, sampla pleanála agus machnamh criticiúil: cad a d’fhoghlaim mé faoin oileán, faoi dhaoine eile agus fúm féin? Cén chaoi ar fhorbair mo chuid Gaeilge, mo neamhspleáchas nó mo chumas cumarsáide?

Tumoideachas iomlán agus forbairt Iomlánaíoch

Tá forbairt iomlánaíoch an pháiste i gcroílár na hIdirbhliana: forbairt intleachtúil, mhothúchánach, shóisialta, fhisiciúil, chruthaitheach, chultúrtha agus teanga. Aithnítear an scoláire mar dhuine iomlán a fhoghlaimíonn sa rang, i gcaidreamh le daoine eile agus trí thaithí laethúil sa phobal.

An Ghaeilge mar Theanga Bheo

Is eispéireas tumoideachais iomláin í an Idirbhliain i gColáiste Naomh Eoin. Tá an Ghaeilge mar theanga teagaisc, chumarsáide agus chaidrimh sa scoil, sna himeachtaí iarscoile agus sa taithí chónaithe le teaghlaigh ar Inis Meáin. Ceanglaítear foghlaim fhoirmiúil na teanga le comhrá nádúrtha, cairdeas, spórt, cultúr agus gnáthshaol an oileáin.

Tacaítear leis an tumadh trí dheiseanna taitneamhacha cumarsáide, samhaltú teanga agus tacaíochtaí de réir leibhéil. Ní hé líofacht fhoirfe láithreach an sprioc: is í an sprioc ná muinín, cumas agus úsáid neamhspleách na Gaeilge a fhorbairt de réir a chéile, agus meas ar éagsúlacht na scoláirí.

Tábhacht na nGníomhaíochtaí Iarscoile

Tá imeachtaí iarscoile fíorthábhachtach don eispéireas seo. Cuireann clubanna, ceol, ceoldráma, spórt agus imeachtaí pobail deiseanna ar fáil chun Gaeilge a úsáid go nádúrtha, cairdeas a chothú agus buanna nach bhfeictear i gcónaí sa seomra ranga a fhorbairt. Eagrófar clár cothrom le ham do scíth, do riachtanais phearsanta agus do chaidrimh shláintiúla.

Taithí Chónaithe le Teaghlaigh ar Inis Meáin

Is cuid lárnach den fhoghlaim í an taithí chónaithe le teaghlaigh áitiúla. Cothaíonn comhrá, béilí, gnáthaimh an tí agus rannpháirtíocht i saol an phobail sealbhú teanga, neamhspleáchas, freagracht agus muintearas. Aithnítear ról na dteaghlach óstach mar chomhpháirtithe tábhachtacha agus urramófar príobháideachas agus saol an teaghlaigh i gcónaí.

Coinneofar cumarsáid shoiléir idir an scoil, na tuismitheoirí nó caomhnóirí agus na teaghlaigh óstacha. Míneofar na rialacha, na teagmhálaithe agus na nósanna imeachta tacaíochta. Ní dhéanfar teaghlach óstach a mheas ná sonraí príobháideacha tí a thaifeadadh mar thasc punainne.

Aitheantas don Fhoghlaim Lasmuigh den Rang

Féadfaidh scoláirí machnamh a dhéanamh ar chomhrá, ar ról i gclub nó ar scil saoil a d’fhorbair siad, gan cur isteach ar shaol príobháideach daoine eile. Léireofar sa tuairisc dheiridh an dul chun cinn sa Ghaeilge, sa neamhspleáchas, sa mhuintearas agus sa rannpháirtíocht, mar aon leis an bhfoghlaim acadúil.


Léargas físiúil ar dheiseanna an chláir

An léaráid ón mbundréacht. Is léargas í ar raon na ndeiseanna; tá na socruithe cur chun feidhme agus na coinníollacha infhaighteachta leagtha amach sa phlean leasaithe.



Gaeilge, cultúr, scileanna saoil, eolaíocht, cruthaitheacht agus rannpháirtíocht

An tOileán mar thimpeallacht foghlama



Grianghraf ón mbundréacht de fhoghlaim agus de ghníomhaíocht ar chósta an oileáin



Scoláirí ar Oileán

Amchlár agus leithdháileadh ama

Léiríonn an scanadh 28 rang uair an chloig sa tseachtain agus teacht le chéile gach maidin. Is moladh leasaithe é an t-amchlár thíos. Coinnítear formhór na sliotán; moltar an tríú sliotán spóirt a athrú go Treoir. Ní amchlár faofa múinteoirí é. Déanfaidh an lucht bainistíochta é a réiteach le hacmhainní agus le hamchláir aonair na múinteoirí.

Am	Luan	Máirt	Céadaoin	Déardaoin
09.00–10.00	Eolaíocht talmhaíochta	Punann	Brat Glas	Fraincis
10.00–11.00	Cultúr	DTT	Teicneolaíocht	TEFL
11.15–12.15	TFC	Gaeilge labhartha	Ceoldráma	Tíreolaíocht
12.15–13.15	Stair agus oidhreacht	Matamaitic	Na meáin	Matamaitic
13.45–14.45	Gaelbhratach	Béarla	Treoir ghairme	Gaeilge
14.45–15.45	Spáinnis	OSPS agus OCG	Tionscadail	Ceardaíocht

Dé hAoine: 09.00–10.00 Gaeilge labhartha; 10.00–11.00 Corpoideachas; lón 11.00–11.30; 11.30–12.30 Corpoideachas; 12.30–13.30 Ceol. Luan go Déardaoin: sos 11.00–11.15 agus lón 13.15–13.45. Teacht le chéile 08.55–09.00 gach lá.

Sonraí a bheidh soiléir sa leagan faofa

OSPS: rang ainmnithe uair sa tseachtain, lena n-áirítear Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta. Corpoideachas: dhá uair sa tseachtain sa mholadh seo. Punann: uair threoraithe sa tseachtain agus úsáid leanúnach sna modúil. Treoir: rang seachtainiúil le hobair ullmhúcháin agus athmhachnaimh timpeall ar na socrúcháin oibre.

Gaeilge: ceithre huaire(Gaeilge Breise), lena n-áirítear Gaeilge labhartha; Matamaitic: dhá uair; Béarla: uair; Fraincis: uair. Tugann comhthéacs Gaeltachta na scoile údar don bhéim bhreise ar an nGaeilge.

Teagasc agus pleanáil modúl

Cur chuige foghlama

Beidh foghlaim ghníomhach, obair allamuigh, fiosrúchán, comhoibriú, díospóireacht agus tascanna praiticiúla mar chuid den teagasc. Míneofar an toradh foghlama agus na critéir ratha roimh an tasc. Tabharfar aiseolas tráthúil agus deis feabhsúcháin. Déanfar idirdhealú idir cabhair ó shaineolaí agus obair an scoláire féin.

Teimpléad éigeantach Inmheánach do gach Modúl

Réimse	Sonraí le cur isteach ag an múinteoir
Ainm agus eagrú	Ainm an mhodúil; múinteoir; dátaí; líon ranganna; acmhainní agus costais.
Réamhfhoghlaim	Scileanna agus eolas ón tsraith shóisearach; spéiseanna agus riachtanais an ghrúpa.
Torthaí foghlama	Trí nó ceithre thoradh shoiléire ar féidir leis an scoláire a léiriú.
Nasc leis an gcreat	Gnéithe den scoláire agus táscairí forbartha roghnaithe; príomhinniúlachtaí; deiseanna traschuraclaim.
Teagasc agus cuimsiú	Seicheamh ceachtanna; modhanna gníomhacha; dúshlán cuí; tacaíochtaí teanga agus rochtana.
Measúnú	Tasc, critéir ratha, féinmheasúnú, piarmheasúnú nuair is cuí agus aiseolas múinteora.
Punann agus machnamh	An fhianaise a roghnófar; ceisteanna machnaimh; an chéad chéim eile don scoláire.
Athbhreithniú múinteora	Cad a d’oibrigh, cén fhianaise atá ann agus cad a athrófar sa chéad timthriall eile.

Sampla de mhodúl críochnaithe

Oidhreacht bheo Inis Meáin — sé rang agus tasc taighde. Déanfaidh an scoláire ceist fiosrúcháin a cheapadh, dhá fhoinse a mheas, agallamh gairid Gaeilge a ullmhú agus toradh trí nóiméad a chur i láthair. Déanfar an rannpháirtíocht phobail agus an fhoghlaim neamhspleách a fhorbairt. Soláthrófar fráma ceisteanna agus rogha fuaime nó téacs de réir riachtanais.

Áireofar sa phunann an cheist, cead an rannpháirtí, nótaí foinsí, dréacht, aiseolas agus an saothar leasaithe. Is iad na critéir ratha cruinneas, úsáid fhreagrach foinsí, soiléireacht Gaeilge agus míniú ar an méid a foghlaimíodh. Ní fhoilseofar sonraí pearsanta gan an cead cuí.

Taithí Oibre

Beidh an taithí oibre ceangailte go follasach leis an treoir ghairme. Coinnítear na trí bhloc sa bhunphlean: 12–16 Deireadh Fómhair 2026; 11–15 Eanáir 2027; 8–12 Márta 2027. Tá an chéad bhloc caite tráth an leasaithe seo agus déanfar athmhachnamh air. Deimhneofar na bloic eile leis an bhféilire scoile agus leis na fostóirí.

Roimh an tSocrúchán

Aithneoidh an scoláire spéiseanna, láidreachtaí agus dhá sprioc foghlama. Ullmhófar CV, iarratas agus cleachtadh agallaimh. Pléifear cumarsáid ghairmiúil, poncúlacht, rúndacht, cearta agus freagrachtaí san ionad oibre. Déanfar rogha socrúcháin le tacaíocht na scoile; ní fhágfar scoláire gan deis mar gheall ar easpa teagmhálaithe teaghlaigh.

Deimhneoidh an comhordaitheoir teagmhálaí an fhostóra, uaireanta, cúraimí oiriúnacha, árachas agus na socruithe sábháilteachta a bhaineann leis an socrúchán. Seiceálfar riachtanais aoise, maoirseachta agus grinnfhiosrúcháin de réir an tsuímh agus na nósanna imeachta reatha. Gheofar toiliú agus plean iompair agus cóiríochta nuair is gá.

Le linn an tSocrúcháin

Coinneoidh an scoláire dialann ghairid ar thascanna, scileanna agus ceisteanna. Beidh teagmhálaí ainmnithe scoile agus fostóra aige nó aici agus nós imeachta soiléir chun imní a thuairisciú. Déanfaidh an scoil seiceáil teagmhála. Iarrfar aiseolas gearr ón bhfostóir ar chumarsáid, comhoibriú, freagracht agus foghlaim.

Tar éis an tSocrúcháin

Laistigh de sheachtain ón bhfilleadh, déanfaidh an scoláire cur i láthair nó comhrá treoraithe: cad a d’fhoghlaim mé faoin obair agus fúm féin; cén tuairim a d’athraigh; cén nasc atá ann le mo roghanna ábhar; agus cad é mo chéad chéim eile? Coinneofar fianaise sa phunann agus déanfaidh an treoirchomhairleoir na príomhthéamaí a úsáid i bpleanáil an chéad bhloc eile.

Conairí Éagsúla agus Rochtain

Clúdófar breisoideachas, ardoideachas, printíseachtaí, oiliúint, fostaíocht agus fiontraíocht. Déanfar deiseanna gairme leis an nGaeilge a fhiosrú, mar aon le gairmeacha áitiúla agus deiseanna lasmuigh den oileán. Má theipeann ar shocrúchán, eagrófar taithí ionaid fhónta le spriocanna soiléire agus socrúchán athsholáthair nuair is indéanta. N mheasfar bileog oibre amháin a bheith comhionann le taithí dhíreach oibre.



Measúnú agus Punann an Scoláire

Déanfar measúnú ar fhoghlaim agus ar fhorbairt thar an gclár ar fad. Beidh tascanna praiticiúla, tionscadail, cur i láthair, comhráite, féinmheasúnú agus aiseolas múinteora ann. Coinneofar siúl ar mheasúnú acadúil freisin.

Struchtúr na Punainne

Beidh punann dhigiteach nó fhisiciúil ag gach scoláire: próifíl agus spriocanna; fianaise sna ceithre ghné; obair leasaithe tar éis aiseolais; taithí oibre agus treoir; gníomh pobail; agus machnamh deiridh. Moltar dhá phíosa roghnaithe sa téarma i ngach gné, agus féadfaidh píosa amháin tacú le níos mó ná gné amháin. Coinneofar an t-ualach oibre indéanta.

Teimpléad Machnaimh don Scoláire

- Cad a rinne mé agus cén fhreagracht a bhí orm?
- Cad a d’fhoghlaim mé agus cén fhianaise a léiríonn é?
- Cén dúshlán a bhí ann agus conas a d’fhreagair mé dó?
- Cén t-aiseolas a fuair mé agus cén t-athrú a rinne mé?
- Cén ghné den scoláire a d’fhorbair mé agus cad é mo chéad sprioc eile?

Rúibric choiteann mholta

Leibhéal	Cur síos ar an bhfianaise
Ag tosú	Tá an scoláire ag aithint sprioc nó scile agus bíonn treoir shuntasach de dhíth chun sampla a mhíniú.
Ag forbairt	Léiríonn an scoláire foghlaim le roinnt tacaíochta agus aithníonn sé nó sí céim fheabhsúcháin.
Ag feidhmiú go neamhspleách	Roghnaíonn an scoláire fianaise chuí, míníonn sé nó sí dul chun cinn agus úsáideann sé nó sí aiseolas.
Ag leathnú na foghlama	Cuireann an scoláire an fhoghlaim i bhfeidhm i gcomhthéacs nua agus déanann sé nó sí machnamh criticiúil ar thionchar agus ar theorainneacha.

Úsáidfear an rúibric chun dul chun cinn a phlé, le coigeartuithe réasúnta; ní tomhas ar phearsantacht í. Tuairisceofar tinreamh agus poncúlacht ar leithligh agus tabharfar aird ar asláithreacht údaraithe, ar shláinte agus ar chúinsí pearsanta.

Aitheantas agus Tuairisciú

Tuairiscí agus Comhráite

Moltar tuairisc forbartha i mí na Nollag agus tuairisc dheiridh i mí na Bealtaine. Tabharfaidh gach múinteoir fianaise ghairid don chomhordaitheoir. Tabharfaidh an tuairisc léargas ar na ceithre ghné den scoláire, ar obair sna modúil, ar spriocanna agus ar na chéad chéimeanna eile, chomh maith le tinreamh agus aon chreidiúnú seachtrach fioraithe.

Reáchtálfar comhrá nó agallamh deiridh bunaithe ar an bpunann. Beidh rogha cur i láthair, fuaime nó comhrá tacaithe ann de réir riachtanais an scoláire. Aithneofar fás, iarracht éifeachtach agus feabhsú, seachas líon na dteastas amháin.

Teimpléad Gairid don Tuairisc Scoile

Réimse	Taifead le líonadh
Fás pearsanta	Sampla fianaise; dul chun cinn ó sprioc an scoláire; céim eile.
A bheith i d’fhoghlaimeoir	Sampla d’obair nó d’úsáid aiseolais; neamhspleáchas; céim eile.
Rannpháirtíocht phobail	Rannchuidiú an duine féin; comhoibriú; tionchar nó ceacht a foghlaimíodh.
Taiscéalaíocht gairme	Taithí oibre; taighde ar chonairí; roghanna agus spriocanna.
Guth an scoláire	Mo ghnóthachtáil is tábhachtaí; an dúshlán is mó; mo chéad sprioc eile.
Eolas breise	Modúil agus creidiúnú fioraithe; tinreamh; tacaíocht nó gníomh comhaontaithe.

Ceiliúradh agus Teistiméireacht

Beidh deis ag scoláirí a gcuid foghlama a roinnt ag ceiliúradh deireadh bliana. Luafar na comhpháirteanna a cuireadh i gcrích agus an fhorbairt a léiríodh. Ní chruthófar rangú nua ná gradam bunaithe ar chostais imeachtaí. Déanfar aon chritéir teistiméireachta a chomhaontú, a fhoilsiú agus a mhíniú roimh a n-úsáid.

Cumarsáid leis an mBaile

Úsáidfear Tyro, ríomhphost, teachtaireachtaí scoile, glaonna agus cruinnithe mar is cuí. Úsáidfear Microsoft Teams agus teagmháil sa rang leis na scoláirí. Beidh achoimre mhíosúil ar imeachtaí, spriocdhátaí agus costais. An teagmhálaí Idirbhliana ná Kevin Gorey, kevin.gorey@GRETB.ie.

Cuimsiú agus Sábháilteacht

Rochtain chothrom agus Tacaíocht

Déanfaidh an comhordaitheoir agus an fhoireann tacaíochta riachtanais foghlama, chumarsáide, chéadfacha, fhisiciúla agus shóisialta a phlé go rúnda leis an scoláire agus leis an teaghlach. Cuirfear tascanna céimnithe, acmhainní inrochtana, roghanna léirithe agus tacaíochtaí teanga ar fáil. Tabharfar dúshlán cuí do scoláirí ardchumais freisin.

Cuirfear costais réamh-mheasta agus nósanna imeachta tacaíochta rúnda in iúl go luath. I gcás gníomhaíochta nach féidir leis an scoláire freastal uirthi, soláthrófar rogha fhoghlama fhiúntach. Ní dhéanfar scoláire a náiriú ná a fhágáil ar lár de bharr cúinsí airgeadais.

Tréadchúram agus Saol Cónaithe

Beidh duine teagmhála ainmnithe ag gach scoláire. Míneofar conas cabhair a lorg, conas imní a thuairisciú agus cén tacaíocht atá ar fáil. Déanfar nasc idir an scoil, an baile agus an teaghlach óstach de réir gá agus cead cuí, gan sonraí íogaire a roinnt thar riachtanas. Leanfar na polasaithe faofa maidir le cónaí, Gaeilge, iompar agus úsáid fóin.

Turais agus Foghlaim Lasmuigh den Scoil

Beidh cuspóir foghlama, measúnú riosca, maoirseacht, toiliú, eolas leighis riachtanach, socruithe cógais agus teagmhálacha éigeandála ag gach gníomhaíocht. Tabharfar aird ar ailléirgí agus ar riachtanais sláinte. Ní ghlacfaidh gníomhaíochtaí mara ná aille áit gan na socruithe sábháilteachta agus an mhaoirseacht chuí.

Mar scoil oileánda, beidh plean cúltaca do dhrochaimsir, cealú báid agus moill taistil ann. Deimhneofar socruithe iompair agus cóiríochta roimh ré agus ainmneofar duine freagrach as cumarsáid leis na teaghlaigh. Beidh tasc malartach sa scoil ar fáil nuair a chuirtear imeacht ar ceal.

Polasaithe agus Taifid

Seiceálfar na leaganacha reatha den Ráiteas um Chosaint Leanaí agus den mheasúnú riosca, de nósanna imeachta cosanta leanaí, de pholasaí Bí Cineálta agus a leagan scoláire-chairdiúil, den Chód Iompair, den pholasaí turas, den pholasaí teanga, de rialacha cónaithe, den árachas agus de chosaint sonraí. Ní athraíonn an plean seo na polasaithe sin.

Beidh rochtain theoranta ar phunanna agus ar shonraí socrúcháin. Míneofar rialacha taifeadta agus foilsithe grianghraf nó agallamh. Coinneofar taifid de réir sceideal coinneála na scoile. I dtaighde scoláirí, gheofar na ceadanna cuí agus admhófar úsáid foinsí agus cúnaimh dhigitigh.

Timpeallacht nádúrtha Inis Meáin





Grianghraf den chósta agus den fharraige

Féilire cur chun Feidhme agus Feabhsúcháin

Cuirfear féilire oifigiúil faofa na scoile leis an bplean chomh maith le Féilire beo a bheith ag comhordaitheoir i teams .

Tréimhse	Gníomh	Freagrach agus fianaise
Faoi Deireadh Fómhair 2026	Iniúchadh ar an amchlár; OSPS, OCG, corpoideachas, punann agus Treoir a dheimhniú; croífhoireann a ainmniú.	Bainistíocht agus comhordaitheoir; amchlár agus róil shínithe.
Faoi 15 Samhain	Plean modúil ó gach múinteoir; spriocanna scoláirí agus machnamh ar thaithí oibre Dheireadh Fómhair.	Múinteoirí agus Treoir; comhad pleananna agus samplaí punainne.
Mí na Nollag	Tuairisc eatramhach; aiseolas scoláirí agus tuismitheoirí; ullmhú don socrúchán Eanáir.	Croífhoireann; tuairiscí agus gníomhartha comhaontaithe.
11–15 Eanáir 2027	An dara bloc taithí oibre, faoi réir deimhnithe; athmhachnamh an tseachtain dár gcionn.	Comhordaitheoir agus Treoir; dialann agus aiseolas fostóra.
Eanáir agus Feabhra	Gníomh pobail; sampláil ábhar agus comparáid conairí; athbhreithniú ar rochtain agus ar chostais.	Múinteoirí agus scoláirí; saothar agus cinntí taifeadta.
8–12 Márta 2027	An tríú bloc taithí oibre, faoi réir deimhnithe; roghanna ábhar a phlé.	Comhordaitheoir agus Treoir; machnamh agus plean pearsanta.
Aibreán agus Bealtaine	Punann roghnaithe, agallamh deiridh, tuairisc agus ceiliúradh; meastóireacht le gach comhpháirtí.	Foireann TY; fianaise sna ceithre ghné agus achoimre aiseolais.
Faoi dheireadh Meithimh	Measúnú ar na ceithre ghné den churaclam; trí thosaíocht don bhliain dár gcionn agus buiséad.	Bainistíocht agus Bord; plean athnuaite agus cinntí taifeadta.

Táscairí Áitiúla

Sprioc mholta: plean do gach modúl; punann agus spriocanna do gach scoláire; ullmhúchán agus athmhachnamh do gach socrúchán; fianaise sna ceithre ghné i ngach tuairisc; agus freagra taifeadta ar aiseolas gach téarma. Déanfar bearnaí rochtana agus ranganna caillte a scrúdú. Ní ghlacfar leis gur ionann líon na ngníomhaíochtaí agus caighdeán na foghlama.

Comhad Ullmhúcháin do Chigireacht

Coinneofar an plean, próifíl an ghrúpa, amchláir ranga agus múinteoirí, pleananna modúl, struchtúr taithí oibre, samplaí measúnaithe agus punainne, cumarsáid leis an mbaile, miontuairiscí, athbhreithniú na bliana roimhe agus gníomhartha feabhsúcháin. Beidh eolas ar scoláirí nach bhfuil i láthair de bharr gníomhaíochtaí agus ar na polasaithe reatha ar fáil de réir iarratais agus cosanta sonraí.















Foinsí agus Faomhadh

Foinsí a úsáideadh

1. Coláiste Naomh Eoin, Ráiteas Misin Idirbhliana 2026–2027,.

2. TY Programme Inspection Leadership Priorities Considerations and Key Takeaways; agus TY Programme Inspection. Úsáideadh an chomhairle ar phleanáil aonaid, am, measúnú, foireann agus cáipéisíocht.

3. NCCA, Ráiteas Chlár na hIdirbhliana, foilseachán 2024 le tabhairt isteach i scoileanna ó Mheán Fómhair 2025. Féach na codanna ar chuspóir agus comhordú, gnéithe an scoláire, comhpháirteanna, measúnú, tuairisciú agus athnuachan.

https://curriculumonline.ie/getmedia/5849acbf-0326-487a-beec-3db6b5878470/TY-Programme-Statement-ENG-INT.pdf

4. NCCA, Transition Year SPHE Toolkit, maidir le rang OSPS seachtainiúil agus teagasc OCG san Idirbhliain.

https://www.curriculumonline.ie/senior-cycle/sphe/transition-year-sphe-toolkit/

Taifead Faofa

Dáta breithnithe ag an gcroífhoireann: _____
Dáta comhairliúcháin leis na páirtithe: _____
Dáta faofa ag an mBord Bainistíochta: _____
Síniú an Chathaoirligh: _____
Síniú an Phríomhoide: _____
Dáta an chéad athbhreithnithe: _____